



General Certificate of Secondary Education
January 2012

Matamaitic


Modúl N2 Páipéar 2
(Le háireamhán)
Bonnsraith

[GMN22]

DÉ CÉADAOIN 11 EANÁIR
10.30 am – 11.15 am



GMN22



Uimhir Ceiste
71

Uimhir Iarrthóra

AM

45 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.




7371.02

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
Marc Iomlán	



Bileog Foirmlí

Toirt priosma = achar trasghearrtha \times fad



1 Tá an toirt chéanna ag an chiúb agus ag an chiúbóideach seo thíos.

Cad é an fad, f , atá ar iarraidh ar an chiúbóideach?



Freagra _____ [3]

2 Déanann gach duine de na mic léinn i mBliain 10 staidéar ar theanga amháin (Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis).

Tá 135 mac léinn i mBliain 10.

Déanann dhá chúigiú acu Fraincis, déanann aon trian acu Spáinnis agus déanann an chuid eile acu Gearmáinis.

Cá mhéad mac léinn a bhfuil Gearmáinis á déanamh acu?

Freagra _____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

3 Scríobh an chéad dá uimhir eile sa seicheamh sna spásanna chuige sin thíos

18, 17, 14, 9, _____, _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

4 Tá 120 mac léinn i mBliain 13 agus déanann gach duine acu staidéar ar cheann amháin de na heolaíochtaí.

Tá faisnéis ar na mic léinn seo sa tábla seo thíos.

	Bitheolaíocht	Ceimic	Fisic	Iomlán
Baineann	27			68
Fireann			29	
Iomlán		31	48	120

Comhlánaigh an tábla. [2]

- 5 (a) Cén ceann de na codáin seo thíos is cóngaraí do $\frac{3}{5}$ i dtaca le méid de.

Taispeáin do chuid oibre.

$$\frac{7}{10} \quad \frac{11}{20} \quad \frac{17}{30} \quad \frac{1}{2}$$

Freagra _____ [2]

- (b) Ríomh

(i) $\frac{1}{2.5^2}$

Scríobh an freagra mar **dheachúil**.

Freagra _____ [2]

(ii) $\frac{6.5 \times 5.8}{5.3 + 2.1}$

Scríobh an freagra ceart go dtí 2 ionad de dheachúlacha.


Freagra _____ [2]

(iii) $\sqrt{5.62^3 - 3.4^2}$

Scríobh an freagra ceart go dtí 3 fhigiúr bhunúsacha.

Freagra _____ [2]

- 6 Taispeánann an scáileán radair an suíomh ina bhfuil foirne tarrthála sléibhe ag an lárionad T. Taispeánann sé chomh maith an suíomh ina bhfuil beirt dreapairí ag A agus B. Tá cuidiú de dhíth ar na dreapairí seo.



Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

- (a) Le cuidiú le dreapaire A caithfidh foireann tarrthála dul

_____ km ar threo-uillinn de _____°. [1]


- (b) Le cuidiú le dreapaire B caithfidh foireann tarrthála eile dul

_____ km ar threo-uillinn de _____°. [1]

- (c) Tá cuidiú de dhíth ar dhreapaire eile, C, atá 12.5 km ar shiúl ó T agus atá ar threo-uillinn de 210° . Marcáil suíomh dreapaire C ar an léaráid.

[2]

7 Faigh luach x sa cheathairshleasán seo thíos.



Níl an learáid tarraingthe go beacht

Freagra $x =$ _____ $^\circ$ [4]

8 Bhí báisteach ann 24 lá in Aibreán na bliana seo caite.

Cén céatadán de na laethanta in Aibreán nach raibh báisteach ann?

Freagra _____ [%]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc


9 (a) Ríomh an mhéid atá san uillinn inmheánach in ochtagán rialta.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra _____ [2]

(b) Cuireann Seán ceithre thíl, a bhfuil an cruth d'ochtagán rialta ar gach ceann acu, le chéile mar a thaispeántar anseo thíos. Caithfidh gur cruth cearnóige a bheidh ann idir na tíleanna. Míniú cad chuige.



Freagra _____
_____ [2]

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

- 10 Tá faisnéis sa tábla thíos ar an líon leathanach (L) a phriontáil 100 páiste ó ríomhaire an tseachtain seo a chuaigh thart.

An líon leathanach	Minicíocht
$0 < L \leq 3$	10
$3 < L \leq 6$	19
$6 < L \leq 9$	23
$9 < L \leq 12$	32
$12 < L \leq 15$	10
$15 < L \leq 18$	6

- (a) Cad é an rang módúil?

Freagra _____ [1]

- (b) Cén t-eatramh ranga a bhfuil an t-airmheán ann?

Freagra _____ [1]


Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(c) Tarraing polagán minicíochta ar an eangach thíos leis na sonraí ar an leathanach roimhe a léiriú.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



[2]

- 11 (a)** Faigh lárphointe na líne a cheanglaíonn na pointí $(-5, 6)$ agus $(3, -6)$ le chéile.

Freagra _____ [1]

- (b)** Faigh fad na líne a cheanglaíonn na pointí $(-2, -2)$ agus $(3, 10)$ le chéile.

Freagra _____ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

12 Ba é 15 an meánmharc a fuair 20 dalta i dteist.

Tá cuid de na marcanna anseo thíos.

Marc	Minicíocht	
18	4	
16	11	
12	3	
	2	

Faigh an marc atá ar iarraidh.

Freagra _____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.